

Ar mhuint na dtionta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi shurfálaí óg. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. curiarracht _____
2. d'éirigh leis _____
3. tonnmharcaíocht _____
4. troigh _____
5. ar airde _____
6. imithe go smior _____
7. is ansa _____
8. clagarnach bháistí _____
9. barr feabhais _____
10. uiscí aitheanta _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Bí ag caint leis an duine in aice leat.

- A. Glacaigí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos; is leor iad a rá amach os ard.
- B. Samhlaigí gur sibhse an buachaill óg sa tuairisc, ag dul isteach san uisce. Conas a mhothaíonn sibh?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé as Ben Larg?
2. Cé mhéad deirfiúr atá aige?
3. Cá dtéann sé féin agus a dheirfiúracha ar scoil?
4. Cén fáth a bhfuil curiarracht surfála bainte amach aige?
5. Cén áit ar bhain sé an churiarracht amach?
6. Cén fáth ar tháinig Ben agus a theaghlach go hÉirinn?

Ceist 4 '...tá barr feabhais á chur ar scileanna Ben...'

1. An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas?
2. Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúbíní) sna spásanna:
 - Bhí an dinnéar á (ith) _____ ag na fir nuair a chuala siad an pléascadh.
 - Tá na páistí á (tabhair) _____ chun na scoile anois.

- Tá an corpán á (tórraigh) _____ i séipéal an bhaile inniu.
- Is mór an trua nach bhfuil an rás sin á (déan) _____ againn faoi láthair.
- Tá an litir thábhachtach á (seol) _____ inniu.

Ceist 5 ‘...faoi chlagarnach bháistí...’

Is iomaí focal agus nath cainte atá againn ar an bhfearthainn in Éirinn. Tugaigí faoi na ceisteanna seo anois.

1. Cad iad na focail agus frásaí ar fad atá agaibh féin chun cur síos a dhéanamh ar an bhfearthainn?
2. Féachaigí amach an fhuinneog. Cén cineál lae atá ann inniu?
3. Smaoinígí ar imeacht tábhachtach i do shaol. Cén cineál aimsire a bhí ann an lá sin?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An ndéanann tú aon spóirt? Cén fáth?
2. Cad iad na tréithe pearsanta is tábhachtaí a bhíonn ag seaimpíní spóirt, dar leat?
3. Cé hé nó cé hí an réalta spóirt is fearr leat? Cén fáth?

Ceist 1

1. curiarracht	<i>record</i>
2. d'éirigh leis	<i>he succeeded</i>
3. tonnmharcaíocht	<i>surfing</i>
4. troigh	<i>foot</i>
5. ar airde	<i>tall</i>
6. imithe go smior	<i>gone to the bone</i>
7. is ansa	<i>favourite, most beloved</i>
8. clagarnach bháistí	<i>pelting rain</i>
9. barr feabhais	<i>excellence</i>
10. uiscí aitheanta	<i>well-known waters</i>

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile. Ansin pléigh na mothúcháin agus na haidiachtaí a thagann chun cinn maidir le dul isteach san fharraige san fhearhainn agus nuair atá tonnta móra ann: *fuair, fliuch, míshásta, neirbhíseach, drogallach, doicheallach, lán le fuinneamh, ar bís, corraithe, sceitimíní orm.*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Tá dhá chiall ag baint le 'á + ainm briathartha':

- Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. e.g. ní féidir 'ag déanamh + é' a rá sa Ghaeilge, mar sin is é 'á dhéanamh' an Ghaeilge atá ar '*doing it*'.
- Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla: 'Tá sé á dhéanamh (aige)' = *It is being done (by him).*

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla atá le fáil sa mhír nuachta seo: 'Tá barr feabhais á chur ar scileanna Ben.' (*Ben's skills are being honed.*)

Tá na rialacha a bhaineann le 'á' cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe.

Mar shampla:

dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh
obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh
scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh

2. Bhí an dinnéar á **ithe** ag na fir nuair a chuala siad an pléascadh.

Tá na páistí á **dtabhairt** chun na scoile anois.

Tá an corpán á **thórramh** i séipéal an bhaile inniu.

Is mór an trua nach bhfuil an rás sin á **dhéanamh** againn faoi láthair.

Tá an litir thábhachtach á **seoladh** inniu.

Ceist 5

Seo go leor samplaí, ach is dócha go bhfuil téarmaí eile ag na foghlaimoirí.

ag cur báistí

ag cur fearhainne

Light rain

brádán

ceobhrán

draonán báistí

Showers

ceathanna
múrtha
scrabhanna báistí

Scattered showers

aimsir cheathach
breacbháisteach

Heavy rain

clagairt báistí
stealladh báistí
caitheamh báistí
ag cur balc báistí

Bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agat leis na foghlaimeoirí le teacht ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí aimsire.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá buachaill óg ceithre bliana déag d'aois tar éis curiarracht surfála a bhaint amach sa bhfarráige, amach ón Mullach Mór i gContae Shligigh. D'éirigh leis an mbuachaill óg gur ó Albain dó, dul ag tonnmharcaíocht ar thonn a bhí 30 troigh ar airde – an buachaill is óige riamh, a deirtear, a leithéid a dhéanamh sa Mhullach Mór.

Tomás Ó Mainín

Ó Oileán Tiriodh in Albain, tá Ben Larg agus a mhuintir ar cuairt ar an tír seo na laethanta seo. Bhí dúil ag an athair Marty sa tonnmharcaíocht, agus anois tá an dúil chéanna sin imithe go smior ina mhac Ben. Tá Ben agus a bheirt deirfiúracha á múineadh ag an mbaile ag na tuismitheoirí, rud a thugann am don teaghlach an caitheamh aimsire is ansa leo a dhéanamh faoi mar is maith leo.

Fiú faoi chlagarnach bháistí, in iarthar an Chláir inniu, tá barr feabhais á chur ar scileanna Ben. Tá sé mar churadh na hAlban faoi ocht mbliana déag d'aois sa tonnmharcaíocht.

An tseachtain seo caite, in uiscí aitheanta tonnmharcaíochta amach ón Mullach Mór i Sligeach, d'éirigh leis tonn a bhí 30 troigh ar airde a mharcaíocht ar a bhord, rud a airítear anois nach bhfuil déanta ag aon bhuachaill óg dá aois riamh roimhe seo.

Dúirt Ben gur tháinig an teaghlach go hÉirinn de bharr na tonnta móra a éiríonn ar chósta thiar na tíre seo. Dúirt sé go dteastaíonn uaidh barr feabhais a chur ar a scileanna agus iomaíocht ar na tonnta is airde ar domhan lá éigin.

Tomás Ó Mainín, Nuacht TG4, in iarthar Chontae an Chláir